

# ❁ An Lúibín ❁

1 Lúnasa 2012

## **Leabhair duine uasail: Redmond Barry agus caoinbhéasú Melbourne**

Mar chuid den Rare Book Week in Melbourne na hAstráile (23-27 Iúil) bhí taispeántas leabhar i Lárionad Léinn Choláistí Mhuire agus Newman (Ollscoil Melbourne), leabhair ar le Redmond Barry iad tráth. Bhí Barry ar na pearsana ba nótáilte i gcoilíneacht Victoria: breitheamh, leabharbhách agus fear mór poiblí a chuir roimhe leas a bhaint as na leabhair chun an choilíneacht a thabhairt chun míneadais. Thug an tOllamh Wallace Kirsop caint dar theideal 'Exploring the mysteries of Redmond Barry's personal library' sa Lárionad Dé Céadaoin 25/7/12.

Rugadh Barry sa bhliain 1813 i mBaile Cloch i gContae Chorcaí. Theip air coimisiún a fháil san Arm ach fuair sé BA ó Choláiste na Tríonóide agus d'fhreastail ar Lincoln's Inn, rud ba leor chun atur na dhéanamh de. É ag léamh i gcónaí agus dúil aige freisin san aclaíocht – é ag snámh, ag spaisteoireacht agus ag marcaíocht. Ba mhaith leis cuideachta na mban. Theip air obair a fháil in Éirinn agus thug sé a aghaidh ar an Astráil sa bhliain 1839. Ní raibh post le fáil in Sydney agus bhain sé Melbourne amach, áit ar bheartaigh sé fanacht go buan ann. As sin amach bhí sé ar a dhícheall ag cleachtadh an dlí agus, mar Eorpach oilte (bhí Laidin agus Fraincis aige), ag cothú an ardchultúir. Níor phós sé riamh, ach bhí leannán aige (Louisa Barrow) agus rugadh ceathrar clainne dóibh.

Bhí suim mhór ag Barry riamh sna Bundúchasaigh, dream a raibh caidreamh corrach acu leis na coilínigh. Bhí sé ina atur na neamhoifigiúil acu agus chaith a oiread dúthrachta lena ngnóthaí dlí (cionta báis uaireanta) is a chaithfeadh sé le cásanna eile. B'fhuath leis an seicteachas; b'Anglacánach é ach ní fhaigheadh sé locht ar aon chreideamh eile.

Sa bhliain 1851 rinneadh coilíneacht ar leith de Victoria agus sa bliain 1852 ceapadh Barry mar bhreitheamh sa Chúirt Uachtarach. Bhí mórán eile ar siúl aige: bhí baint aige leis an Melbourne Mechanics' Institute, an Melbourne Club, Ospidéal Melbourne, an Philharmonic Society, an Foras Fealsúnachta, Cumann Ríoga Victoria agus an míliste áitiúil. Chaith sé cuid mhaith airgid ag cuidiú le bochtáin Melbourne agus leo siúd a d'fhulaing an Drochshaol in Éirinn, le gaolta in Éirinn agus le tógáil eaglaisí Protastúnacha agus Caitliceacha in Melbourne. Ach níorbh aon toicí é agus uaireanta bhí an bochtanas ag bagairt air.

Bhunaigh sé Ollscoil Melbourne, Leabharlann Phoiblí Melbourne (Leabharlann Stáit Victoria mar atá sí anois) agus an Gailearaí Ealaíne. Chuir sé ina leith go raibh sé sotalach sna cúrsaí sin, ach bhí gá le treallús, agus bhí sé sásta an deannach a bhaint de na leabhair nó dreas doirseoireachta féin a dhéanamh dá mba ghá.

Bhí sé thar a bheith dúthrachtach mar bhreitheamh: é ag imeacht gan stad ar cuaird na gcúirteanna. Bhí ainm na déine air i gcúrsaí coiriúlachta, cé gur thacaigh sé leis an Discharged Prisoners' Aid Society. Eisean a dhaor Ned Kelly, agus cailleadh é féin an bhliain chéanna – 1880.

Is fada an tOllamh Kirsop (saineolaí ar litríocht na Fraince) ar thóir iarsmaí scaipthe leabharlann Barry. Chuir sé síos ar scaipeadh, athshealbhú agus nádúr na leabhar, bailiúchán a bhí ar na cinn ba thoirtiúla sa choilíneacht ag an am. Chreid Barry go bhféadfadh leabharlann an pobal a thabhairt chun siabhialtachta, agus ligeadh sé daoine isteach chun a chuid leabhar féin a léamh sula raibh leabharlann chathrach ann. Mar iontaobhaí de Leabharlann Melbourne thug sé aird ghéar ar leagan amach an fhoirgnimh, ar ghnóthaí riaracháin agus fiú ar an dath a bheadh ar chumhdaigh na leabhar.

Bhí meas ag Barry ar leabhair mar rudaí a bhí le húsáid seachas mar ornáidí. Fuair sé réidh le cuid dá leabharlann féin roimh dó dul thar lear sa bhliain 1877, agus cuireadh an fuíoll ar ceant ar 10/3/81 tar éis bháis dó. Níl a fhios cá mhéad a díoladh as agus níl fáil anois ar chóip den chatalóg. Ní mór dul i muinín na liostaí neamhiomlána i measc a chuid páipéar agus na leabhar atá le fáil i mbailiúcháin éagsúla. Tá eolas eile ar a chuid

léitheoireachta le fáil i gcuid dá pháipéir, go háirithe sa *Day Book* (dialann) a choinnigh sé ón mbliain 1837 amach agus a dhéanann léiriú ar ar léigh sé, in éineacht le nótaí gearra ar ócáidí sóisialta, ar sheanmóirí agus ar leannáin.

Agus é ag déanamh tagairt don Fhraincis a bhí ag Barry agus a leithéidí, dúirt an tOllamh Kirsop gur dhíol spéise é nach raibh Gearmáinis aige – teanga nár bhain leis an nglúin sin. Ceist eile is ea an gaol a d'fhéadfadh a bheith aige le daoine eile de mhuintir de Barra in Éirinn agus san Astráil, daoine a raibh cainteoirí Gaeilge ina measc.

Thug na leabhair a bhí ar taispeáint léargas ar an ábhar ba rogha leis:

**Litríocht na Breataine agus aistriúcháin:** Alexander Pope, *The Works* (Edinburgh 1804); Ossian, *The Poems*, London 1805; Christopher Smart, *Horás le téacsanna Laidine agus Béarla* (1834-5?); Terence, *Comedies* (1830); Abraham Cowley, *Works* (1830), Roger L'Estrange, *Seneca's morals* (London 1764); Christopher Anstey, *The New Bath Guide* (London 1801); Joseph Strutt, *Queenhoo-Hall, a Romance and Ancient Times* (Edinburgh 1808).

**Clasaicí agus litríocht na Fraince:** Jean de La Fontaine, *Fables* (Paris 1821); François Rabelais, *Œuvres* (Paris 1820); Bernadin de Saint-Pierre, *Paul and Virginie* (London 1828: aistriúchán); Alain René Le Sage, *Le diable boiteux* (Londres 1751); Victor Jacquemont, *Correspondence avec sa famille et plusieurs de ses amis* (Paris 1846); Paul Scarron, *Le roman comique* (Londres 1786); Ernest Renan, *The Life of Jesus* (London 1864: aistriúchán); Virgil, *Bucolicorum eclogae decem* (Oxford 1820); Lucian, *Dialogi* (London 1736); Horace, *Opera* (London 1869); Catullus, Tibullus & Propertius, *Opera* (Birmingham 1772).

#### Le léamh:

Ann Galbally: *Redmond Barry: an Anglo-Irish Australian*, Melbourne University Press 1995.

Peter Ryan: *Redmond Barry : a colonial life 1813-1880*, Melbourne University Press 1980.

'Barry, Sir Redmond (1813-1880)': Alt le Peter Ryan san *Australian Dictionary of Biography*:  
<http://adb.anu.edu.au/biography/barry-sir-redmond-2946>

[http://www2.slv.vic.gov.au/about/news/focus\\_on/rbarry.html](http://www2.slv.vic.gov.au/about/news/focus_on/rbarry.html): leathanach ar shuíomh Leabharlann Stáit Victoria.

Liosta leabhar faoi Redmond Barry atá le fáil i leabharlanna difriúla:

<http://trove.nla.gov.au/work/10232637?q=redmond+barry&c=book&versionId=45689738>



#### Bille Gaeltachta

Tá Bille na Gaeltachta achtaithe, cé gur thréig an freasúra an Dáil dá bharr agus an tAire Gaeltachta, Dinny McGinley TD, ag diúltú glacadh le haon cheann de na leasuithe a bhí á moladh. Ní dócha go sábhálfadh dlí ar bith an Ghaeltacht anois, ach ní ceart reachtaíocht a bheith ann a ligeann do cheantair lán-Bhéarla fanacht sa Ghaeltacht toisc go bhfuil siad sásta 'plean' a dhéanamh.

Tá na heagraíochtaí Gaeilge ag caoineadh, rud a léiríonn arís an greim atá ag an aisling ar intinn daoine áirithe. Is í an Ghaeltacht an tsamhail atá le feiceáil os cionn cnoic agus trá – samhail a fáisceadh as an dóchas, as an litríocht, as an dlí féin, ach nach bhfuil tathag ina corp a thuilleadh.

Tá an teanga féin idir lag agus láidir agus cónaí uirthi i bpáláis agus i bprochóga eile – in *An Lúibín*, mar shampla. Mairfidh sí mar theanga litríochta, mar theanga oideachais (cé nach mó ná go bhfuil an dé sa Ghaeilge Éigeantach anois) agus mar theanga pobail scaipthe.



#### TG4: lúcháir agus leadrán

Ní gach duine atá i ngrá le TG4, cé nach ionann easpa grá agus gráin. Tá Will Hanafin ( ‘Seachtain na Gaeilge,’ *Irish Independent* 22/7/12) ar duine díobh siúd a bhfuil amhras acu ar an tionscadal agus roinnt éigin den cheart aige, b’fhéidir. Ní le hÉirinn amháin a bhaineann an scéal seo ach leis an iasacht chomh maith, ó tá TG4 ar na hacmhainní a bhaineann Gaeilgeoirí ar fud an domhain úsáid astu.

Rinne Hanafin machnamh ar chuspóirí TG4 – ábhar suimiúil a sholáthar a thugann taitneamh do dhaoine, léargas a thabhairt ar an saol, eolas a chothú, cultúr na hÉireann a léiriú agus an éagsúlacht a thaispeáint. Ansin chaith sé seachtain ag féachaint ar na cláir. Chonaic sé rothaíocht agus leadóg, seónna spéise mionlaigh ó Mheiriceá, an t-uafás *westerns*, cartúin dhubáilte, agus ‘drámaí leadránacha’ a rinneadh in Éirinn. Ní raibh a fhios aige arbh fhiú an costas (€32 milliún) é, go háirithe agus gan ach 3% de lucht féachana na hÉireann ag tabhairt aird ar an stáisiún (cé nach lú an líon sin ná an líon a bheadh ag féachaint ar SBS san Astráil, abair).

Ní mór a rá go bhfuil TG4 ag brath go mór ar an spórt ó cuireadh ar bun í sa bhliain 1996, agus a chúis sin aici. Meallann an spórt na mílte, cé nach dtaitníonn tráchtairacht Ghaeilge le gach duine. Dráma é a chumtar uaidh féin agus níl ort ach an clár a thaispeáint. Níl gá le fotheidil. Taispeántar sraitheanna agus scannáin ón iasacht ar an bprionsabal céanna. Is géire fós an tsúil a bheidh ag TG4 ar cheisteanna costais feasta, mar a deir sí féin. Tá deacrachtaí roimpi – margadh atá ag éirí níos scoilte agus níos déine in aghaidh an lae, agus an rian a fhágfaidh an geilleagar lag ar an maoiniú. Beidh an-aird á tabhairt ar ‘continued prudent management and cost control,’ agus beidh siad ag iarraidh an tairbhe is mó a bhaint as na hacmhainní is lú. Ní léir go díreach cén chiall atá le ‘content innovation and programme schedule development’ (tá pleananna TG4 i mBéarla ar fad, dála an scéil) mura laghdú eile ar an teirbhís atá i gceist.

Agus na ‘cláir leadránacha...’ Tháinig roinnt litreacha isteach ag freagairt Hanafin. Deann acu go raibh mo dhuine ag féachaint ar an stáisiún i rith ‘bhaois an tsamhraidh’ – an séasúr tanaí i gcúrsaí teilifíse – agus nach raibh RTÉ pioc níos fearr. Thabharfadh séasúr eile toradh eile leis. Tá fiúntas sa chaint sin má chuimhnítear ar *Ros na Rún*, sobaldráma snasta, drámaí an-mhaithe ar nós *Corp agus Anam* agus roinnt scannán faisnéise den scoth. Mar is gnách, d’fhógair litir eile gur thaispeáin píosa Hanafin nach raibh in TG4 ach raiméis agus cur amú airgid. (An Béarla abú!) B’fhéidir, áfach, nach bhfuil tuairimí Hanafin gan bhunús éigin – an oiread sin spóirt, an oiread sin Béarla. Tá TG4 ag iarraidh an obair a dhéanamh ar an bpingin is saoire, gan amhras, ach ba bhreá an rud breis seiftiúlachta a fheiceáil.



### **Feall leanúnach ar theangacha Bundúchasacha**

Tá an chuid is mó de theangacha Bundúchasacha na hAstráile marbh nó an-lag (cé go bhfuil cuid de na teangacha marbha á n-athbheochan i ndeisceart na tíre). Ach tá roinnt teangacha bríomhaire le fáil thuaidh i gCríoch an Tuaiscirt,<sup>1</sup> áit ar gnách leis an rialtas leas a bhaint as an gcultúr Bundúchasach chun an chluain a chur ar na turasóirí, cé gur cuma leis an rialtas úd sa diabhal faoi leas na dteangacha féin – rud is léir ón mbeartas oideachais atá á chur i bhfeidhm ann. I dTír Arnhem, mar shampla, tá brí agus saibhreas fós i gcanúintí Yolngu Matha, cé nach bhfuil dearcadh dallintineach na n-údarás ag cuidiú leo.

Ba mhínic conspóid ar siúl i gCríoch an Tuaiscirt faoi oideachas dátheangach i scoileanna Bundúchasacha, agus ba mhínic an beartas oideachais ag athrú dá réir.<sup>2</sup> Cuireadh oideachas dátheangach ar bun sna 1970í, nuair a aithníodh gur fearr a fhoghlaimíonn daltaí trína dteanga féin ar dtús. Chuir sé seo ar chumas daoine úsáid a bhaint as a n-oideachais Bhéarla agus a dtraidisiún féin. Sna 1980í tháinig tuarascáil teangacha amach a d’aithin go raibh ceart ag pobail Bhundúchasacha chun a gcuid teangacha a chothú.

Chuaigh cúrsaí ar gcúl sna 1990í. Fuarthas réidh le cláir dhátheangacha i gCríoch an Tuaiscirt agus san Astráil Theas. Dúirt a lán tuarascálacha go gcaithfeadh breis tacaíochta a thabhairt do theangacha Bundúchasacha ach tríd is tríd dúnadh súil orthu. Ní raibh de dheasca ann ach an tacaíocht teanga agus na cláir a cuireadh ar bun in New South Wales. I gCríoch an Tuaiscirt bhí na clamhsánaithe ag baint tairbhe as drochthorthaí an *National Assessment Program* maidir le litearthacht agus le huimhearthacht i measc daltaí Bundúchasacha i scoileanna iargúlta. Cuireadh an milleán ar na teangacha, nuair ba chóir é a chur ar rudaí nár bhain leo ar chor ar bith – na

<sup>1</sup> An Northern Territory.

<sup>2</sup> Féach McConvell, ‘Call for a national indigenous languages policy,’

fadhanna sláinte agus sóisialta a chuireann as do dhaltaí ina lán pobal, agus trialacha a raibh Béarla maith ag teastáil lena ndéanamh. Dá ainneoin sin, b'fhearr torthaí na scoileanna dátheangacha ná na torthaí ó scoileanna iargúlta a mhúineadh trí Bhéarla amháin. Tá beartas guagach ag Críoch an Tuaiscirt leis na blianta fada i ngeall ar an scéal seo, beartas atá ag brath ar chúrsaí idé-eolaíochta seachas ar an bhfianaise. Faoi láthair caithfear múineadh trí Bhéarla sna ceithre bliana tosaigh – beart gan chiall.

Mar a deir McConvell (féach thíos) tá gá ga an Astráil go léir le beartas a chuireann in iúl cén tábhacht atá leis na teangacha seo agus a rian sin ar chúrsaí oideachais mar atá in New South Wales. Is féidir na cláir a chur in oiriúint do chúrsaí áitiúla. Bíonn rath ar chlár dátheangach ach na teangacha áitiúla a bheith tréan, rud is léir ó scoileanna dátheangacha mar Yirrkala i gCríoch an Tuaiscirt.

Ar na teangacha Bundúchasacha atá á bhfoghlaim ag páistí mar a gcéad teanga tá Pitjantjatjara, Warlpiri, Yolngu Matha,\* Burarra agus roinnt eile, agus iad chomh difriúil le chéile is atá Francisc, Gearmáinis agus Rúisis.<sup>3</sup> Sa bhliain 2008 bhí deich gclár dhátheangacha i scoileanna stáit, gan trácht ar chinn eile i dtrí scoil Chaitliceacha agus i scoil neamhspleách. Ní raibh sa Bhéarla ach an tríú nó an ceathrú teanga. Samhlaigh, mar a deir Wilkins (féach thíos), go bhfuil tú ag foghlaim teanga iasachta ó strainséir ceithre huaire sa lá, gan faille agat le do theanga dhúchais a úsáid. Na pobail a reachtálann cláir dhátheangacha níl siad dall ar thábhacht an Bhéarla ach deir siad go gcaithfear tús áite a thabhairt dá ndúchas féin.

Is léir ón bhfianaise nach gcuireann úsáid na teanga dúchais moill ar bith ar fhoghlaim na dara teanga. A mhalairt ar fad. Mar a deir Wilkins, foghlaimítear léamh agus scríobh níos luaithe sa teanga dhúchais, agus ní deacair na scileanna seo a aistriú go dtí an dara teanga. Rud eile de, tá muintir na háite in ann cuidiú leis na daltaí. Is fearr atá páistí dátheangacha in ann a n-intinn a chruinniú ar an obair agus gan ligean do rudaí eile iad a chur amú. Bíonn an buntáiste seo acu i gcónaí agus iad fásta suas, agus dealraíonn sé go gcuidíonn an dátheangachas le meath na meabhrach a bhacadh i ndaoine a bhfuil na trí scór sárarithe acu.

Tá roinnt buntáistí soiléire eile ann. Na páistí a mbíonn a dteanga dhúchais ar a dtail acu bíonn Béarla maith acu, agus iadsan, freisin, is mó a ghnáthaíonn an scoil. (Is é is mó a bhacann ar pháistí dul ar scoil iad a bheith ag siúl na tíre lena muintir nó daoine muinteartha difriúla a bheith ina bhfeighil.) Agus is mór an tábhacht atá le cúnaimh na ngaolta ar scoil, bíodís siúd ina múinteoirí nó ina gcúntóirí.

Deir Michele Rowe (a bhfuil taighde ar an gceist seo foilsithe aici) gur mhór an fhadhb é an oiread sin múinteoirí neamh-Bhundúchasacha a bheith ag teacht agus ag imeacht, rud a mhilleann an leanúnachas. Is minic nach dtuigeann siad conas feidhm a bhaint as an gcéad teanga ar mhaithe leis an dara ceann ná cén tábhacht atá le muintir na ndaltaí i gcúrsaí oideachais. Fágann seo nach féidir leas a bhaint as an eolas atá ag na páistí ó dhúchas ná ceangal a dhéanamh idir scoil agus baile chun dúchas na ndaltaí a threisiú.

B'fhéidir go dtiocfadh ciall chun an rialtais. Idir an dá linn ní mór an rath a bheidh ar theangacha Bundúchasacha ná ar Bhéarla i scoileanna na hiargúlach.

#### **Le léamh:**

\* Tá alt ar Yolngu Matha le fáil ar Wikipedia na Gaeilge (an Vicipéid) agus é níos cuimsithí ná a leithéid i mBéarla: féach [http://ga.wikipedia.org/wiki/Yolngu\\_Matha](http://ga.wikipedia.org/wiki/Yolngu_Matha).

'Call for a national indigenous languages policy,' Patrick McConvell, research fellow in Linguistics at the Australian National University: *Lingua Franca*, ABC Radio National: <http://www.abc.net.au/radionational/programs/linguafranca/call-for-a-national-indigenous-languages-policy/3167378>

'W(h)ither language, culture and education in remote Indigenous communities of the Northern Territory?' David P. Wilkins (Language and Linguistics Consulting), *Australian Review of Public Affairs*, October 2008: <http://www.australianreview.net/digest/2008/10/wilkins.html>

---

<sup>3</sup> Wilkins, 'W(h)ither language, culture and education in remote Indigenous communities of the Northern Territory?'

'The Ongoing Saga of Bilingual Education in the NT,' **Michele Rowe, Australian College of Educators:**  
<http://austcolled.com.au/article/ongoing-saga-bilingual-education-nt>

*Aboriginal Languages of Australia*, David Nathan (eag.): liosta láithreán:  
<http://www.dnathan.com/VL/index.php?category=16>

*Voice of the Land*: iris ar line a fhoilsíonn FATSILC, The Federation of Aboriginal & Torres Strait Islander Languages & Culture:  
<http://www.fatsilc.org.au/voice-of-the-land-magazine/vol-40-44-2009-2011/vol-44-jan-2012>

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au) .*

## Leaganacha simplithe

### Leabhair duine uasail: Redmond Barry agus caoinbhéasú Melbourne

Mar chuid den Rare Book Week in Melbourne na hAstráile (23-27 Iúil) bhí taispeántas leabhar i Lárionad Léinn Choláistí Mhuire agus Newman (Ollscoil Melbourne). Ba le Redmond Barry na leabhair sin tráth. Ba dhuine mór le rá Barry i gcoilíneacht Victoria sa naoú haois déag. Bhí sé ina bhreitheamh, ina leabharbhách<sup>4</sup> agus ina bhronntóir poiblí. Thug an tOllamh Wallace Kirsop caint faoi 'Exploring the mysteries of Redmond Barry's personal library'.

Rugadh Barry sa bhliain 1813 i mBaile Cloch i gContae Chorcaí. Rinneadh aturnaé de, ach theip air obair a fháil in Éirinn agus chuaigh sé go dtí an Astráil sa bhliain 1839. Ní raibh post le fáil in Sydney agus bhain sé Melbourne amach. Bhí sé oile (bhí Laidin agus Fraincis aige) agus chuir sé roimhe<sup>5</sup> caighdeán cultúrtha na coilíneacht a ardú. Níor phós sé riamh, ach bhí leannán aige (Louisa Barrow) agus rugadh ceathrar clainne dóibh.

Bhí suim mhór ag Barry riamh sna Bundúchasaigh. Is minic a bhí sé mar aturnaé acu sna cúirteanna. B'fhuath leis an seicteachas; bhí fáilte aige roimh daoine de gach creideamh.

Sa bhliain 1851 rinneadh coilíneacht ar leith de Victoria agus sa bliain 1852 ceapadh Barry mar bhreitheamh sa Chúirt Uachtarach. Bhí baint aige le mórán foras<sup>6</sup> poiblí, agus thug sé cuid mhaith airgid do na bochtáin in Melbourne agus in Éirinn, cé nach raibh sé saibhir riamh.

Bhunaigh sé Ollscoil Melbourne, Leabharlann Phoiblí Melbourne (Leabharlann Stáit Victoria mar atá sí anois) agus an Gailearaí Ealaine.

Bhí sé an-dúthrachtach mar bhreitheamh. Bhí sé an-dian i gcúrsaí coiriúlachta, ach thacaigh sé leis an Discharged Prisoners' Aid Society. Eisean a dhaor Ned Kelly, agus cailleadh é féin an bhliain chéanna – 1880.

Chreid Barry gurbh fhéidir le leabharlann an pobal a thabhairt chun siabhialtachta,<sup>7</sup> agus ligeadh sé daoine isteach chun a chuid leabhar féin a léamh sula raibh leabharlann chathrach ann. Cuireadh a leabharlann phearsanta ar ceant<sup>8</sup> sa bhliain 1881. Níl fáil anois ar an gcatálog agus níl liostaí iomlána ann. Bhí leabhair aige i mBéarla, i bhFraincis agus i Laidin, agus tugann siad léargas ar a aigne féin, ar mheon a aicme agus ar ardchultúr a linne.

### Feall leanúnach ar theangacha Bundúchasacha

Tá an chuid is mó de theangacha Bundúchasacha na hAstráile marbh nó an-lag, ach tá cuid de na teangacha briomhar fós i gCríoch an Tuaiscirt.

Is minic a bhí conspóid ar siúl ann faoi oideachas dátheangach i scoileanna Bundúchasacha i gCríoch an Tuaiscirt. Cuireadh oideachas dátheangach ar bun sna 1970í, ach fuair an rialtas réidh leis sna nóchaidí. Dúradh go raibh drochbhail ar oideachas Bundúchasach ach gurb é an dátheangachas ba chúis leis. Níor tuigeadh gur fadhbanna sláinte agus fadhbanna sóisialta ba chúis leis, agus go raibh ag éirí níos fearr le scoileanna a raibh cláir dhátheangacha acu ná le scoileanna eile.

Deir na heolaithe go bhfoghlaímíonn na daltaí léamh agus scríobh níos luaithe sa teanga dhúchais. Ní deacair na scileanna seo a aistriú go dtí an dara teanga (Béarla), go háirithe má tá muintir na ndaltaí ag cuidiú leo. Is fearr é sin ná teanga iasachta a fhoghlaim ó strainséir agus gan deis agat do theanga dhúchais a úsáid. Is fearr atá páistí dátheangacha in ann a n-intinn a chruinniú<sup>9</sup> ar an obair agus gan ligean do rudaí eile iad a chur amú. Bíonn an buntáiste seo acu i gcónaí agus iad fásta suas.

Caithfidh na daltaí Béarla a fhoghlaim, ach ní thuigeann na húdarais gur fearr máistreacht a fháil ar an teanga dhúchais ar dtús. Bíonn múinteoirí neamh-Bhundúchasacha ag teacht agus ag imeacht,

<sup>4</sup> Leabharbhách - bibliophile

<sup>5</sup> Chuir sé roimhe – he aimed to

<sup>6</sup> Foras - institution

<sup>7</sup> A thabhairt chun siabhialtachta – to civilise

<sup>8</sup> Ar ceant - auction

<sup>9</sup> A n-intinn a chruinniú ar – to fix their mind on

agus is annamh a thuigeann siad conas feidhm a bhaint as an gcéad teanga ar mhaithe leis an dara teanga. Chomh maith leis sin, is annamh atá eolas acu ar theanga Bhundúchasach agus ar chultúr na háite.

B'fhéidir go dtiocfadh ciall chun an rialtais fós. Idir an dá linn tá gach teanga thíos leis an bpolasaí atá ann.